Post	**Riarthóir Feidhmiúcháin Deontas (AOF)**
Conradh	**Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte**
Grúpa Seirbhíse	**Seirbhísí Corparáide**
Láthair	**Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.** **(Is féidir iarratas a dhéanamh ar shocrú Hibrideach)**

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Misean BIM
Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cuí:

Seirbhísí Corparáide

Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán a bhaineann le cúrsaí Airgeadais, TFC, Soláthar, Seirbhísí Flít, Seirbhísí Infheistíochta agus gréasán Ice Plant ar fáil laistigh de BIM.

Achoimre ar an Ról:

Beidh tascanna bunaithe ar dhá thacar sainscileanna i gceist leis an bpost seo:

- Scéimeanna deontais a dhearadh agus a chumrú ar ardáin leictreonacha amhail Flexigrant / Smart Simple.
- Bainistiú foirne agus riarachán.

Cúlra leis an Riachtanas:

Is é riachtanas an róil seo ná tacú le próiseas riaracháin deontas BIM a chur ar fáil go leictreonach, arb iad sineirgí agus ualach riaracháin laghdaithe a bheidh mar thoradh air, chun gur féidir le héifeachtúlacht, inniúlacht tuairiscithe agus soláthar iniúchta níos fearr a bheith ann.

Éifeachtúlacht níos fearr agus caighdeán do Bhainistiú Deontas BIM a fheabhsú.

Anailís níos fearr trí thuairisciú feabhsaithe chun tacú le tuairisciú ar éifeachtúlacht na scéimeanna agus chun eolas a dhéanamh do phleanáil straitéiseach, go háirithe maidir le ceanglais tuairiscithe Chlár Oibríochta AE / RTBM.

Próisis, doiciméid agus rialú na ndoiciméad sin ar fud BIM a fheabhsú go leanúnach.

Príomhthascanna:

Riarachán
Mar Riarthóir Feidhmiúcháin Deontas (Úinéir Scéime) bainisteoidh tú foireann chun maoirseacht a dhéanamh ar riar clár/scéimeanna deontais ainmnithe agus iad a chur i bhfeidhm:

Cumraíocht Leictreonach na nDeontas: Chomh maith leis an méid sin thuas beidh príomhról ag an iarrthóir i ndearadh scéimeanna deontas agus i bhforbairt scéimeanna deontais i gcomhréir leis na Pleananna Cur Chun Feidhme faoi seach atá acu ar ardáin leictreonacha ainmnithe amhail Flexigrant / Smart Simple.

Tuairisciú maidir le Cúnamh Deontais: Tacú le struchtúr agus táirgeacht na gcóras tuairiscithe cúnaimh deontais chun ceanglais na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh amhail RTBM / An Coimisiún Eorpach, ARC&C etc.

Tionscadail Theicniúla
Bainistiú a dhéanamh agus cabhair a thabhairt maidir le hardáin nua deontas, bonneagar teicniúil, teicneolaíocht, réitigh bogearraí agus uasghrádaithe a chur i bhfeidhm.

Bainistiú Athraithe: Pleananna cur chun feidhme a ullmhú agus a rith maidir le hathruithe laistigh de thimpeallacht theicniúil an deontais agus ardán na ndeontas roghnaithe a chumrú chun na hathruithe sin a chur i bhfeidhm.

- Réitigh theicniúla chuí ar shaincheisteanna próisis deontas a shainaithint.
- Oibriú le conarthaí soláthróra deontas chun eisiúint na mbogearraí is déanaí a dhéanamh, de réir an phróisis bainistithe eisiúna.
- Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le huirlisí TF deontas agus forbairt gnó a dhéanamh ina leith.

Seirbhís do Chustaiméirí: Íomhá gairmiúil den rannóg a chruthú agus a chur chun cinn an t-am ar fad agus meon dearfach agat a bhíonn dírithe ar na custaiméirí, ionchais a leagan síos de réir mar is cuí ar mhaithe le fadhbanna a réiteach fad a léiríonn an t-iarrthóir go bhfuil sé sásta iarracht ar leith a dhéanamh.

- Cumarsáid a dhéanamh go réamhghníomhach le húsáideoirí chun ionchais a leagan síos agus chun an seachadadh seirbhísí is éifeachtúla a chumasú.

- Cumarsáid éifeachtach a choinneáil le baill foirne theicniúla eile, le baill foirne oibríochtaí agus le baill foirne tacaíochta tríú páirtí.
- Tionscadail deontas a chomhordú ar fud na heagraíochta, beifear ag súil go gcuirfidh an t-iarrthóir oiliúint agus tacaíocht ar fáil do na hardáin ghaolmhara deontas agus go gcabhróidh sé le forbairt ghnó ina leith.

Dualgais Eile

- Dualgais ar bith eile atá laistigh de scóip agus grádú an phoist a chomhlíonadh.
- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh.

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Líne: An Bainisteoir Seirbhísí Infheistíochta
Stiúrthóir an Aonaid: An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha.

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM
An Bainisteoir Seirbhísí Infheistíochta, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide, an Bainisteoir Airgeadais, na Riarthóirí Deontais, foireann BIM atá freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm deontais.

Lasmuigh de BIM
RTBM, deontaithe.

Oiliúint
Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.
Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Cáilíochtaí Oideachais, Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

- Taithí 2 bliana ar a laghad i ról comhchosúil nó i réimse ábhartha.
- Cáilíocht tríú leibhéal in TF.
- Cumas a léiriú i bpríomhréimsí amhail breithiúnas, anailís agus cinnteoireacht.
- Scileanna láidre bainistithe ama agus eagrúcháin a léiriú.
- An cumas torthaí a bhainistiú agus a sholáthar a léiriú.
- Inniúil ar Microsoft Excel agus Word a úsáid.
- Tuiscint láidir agus riar scileanna a bhaineann le córais a chumrú agus a riar a bheith ag an té a cheapfar.
- Taithí ar nósanna imeachta nó ábhar oiliúna a dhréachtú agus ar dhoiciméid a bhainistiú.
- Sárscileanna scríofa chun faisnéis theicniúil a dhoiciméadú go soiléir agus go cuimsitheach.
- An cumas oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon a léiriú.
- Sárscileanna idirphearsanta chun comhthuiscint agus comhoibriú a chinntiú ar fud an aonaid.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide a léiriú.
- Toilteanas agus cumas a léiriú i ndáil leis na difríochtaí idir na scéimeanna deontais éagsúla/roghanna sreafa oibre a fhoghlaim.

Inmhianaithe:

- Taithí ar aon chóras bainistithe deontais.
- Taithí ar bhainistiú foirne agus ar oiliúint a chur ar bhaill foirne.

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus an cumas tosaíochtaí iomadúla a láimhseáil.
- An cumas a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, ábalta idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir.
- Luach ar eolas a roinnt agus ar fheabhas leanúnach i dtimpeallacht chomhoibríoch mheasúnaithe agus foghlama.
- An cumas cumarsáid a dhéanamh ar fud na meán e.g. Físeán, gréasán etc.

Tuarastal:

Ag grád Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €53,995 - €67,951 (amhail an 1 Márta 2023) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe.

Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála thuasluaite, de réir beartas Rialtais agus/nó treoirlínte iomchuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Cuirfear conradh fostaíochta Tréimhse Éiginnte ar fáil le cead ó BIM faoi réir léiriú sásúil ar an leibhéal atá ag teastáil agus an tréimhse phromhaidh atá ag teastáil a chur i gcrích. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí.

An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 7 Meitheamh 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hIarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.
Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an

iarratas seo ach chun críoch an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara